Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Iúil 2017
(OR. en)

11160/17

COASI 90
ASIE 21
CFSP/PESC 673
CSDP/PSDC 418
POLGEN 108
RELEX 643
DEVGEN 168
COHOM 83
JAI 681
MIGR 128
COHAFA 56

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	17 Iúil 2017
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	11047/17
Ábhar:	An Phacastáin - Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle (17 Iúil 2017)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bPacastáin, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3557ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl ar an 17 Iúil 2017.

Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bPacastáin

1. Tá formhuiniú déanta ag an gComhairle ar an tuarascáil cur chun feidhme ó 2017 maidir le Plean Páirtíochta Cúig Bliana an Aontais Eorpaigh agus na Pacastáine, a glacadh in 2012.

2. Maidir leis an bPlean Páirtíochta Cúig Bliana seo, a dtiocfaidh deireadh leis i mbliana, ba mhór mar a chuidigh sé leis an gcaidreamh déthaobhach idir an tAontas Eorpach agus an Phacastáin a dhoimhniú. Ina theannta sin, tháinig géarú ar an idirphlé institiúideach dá bharr sna réimsí tosaíochta seo a leanas: an comhar polaitiúil; an tslándáil; an rialachas, cearta an duine; an imirce; cúrsaí trádála agus fuinnimh; táthar tar éis tús a chur leis an idirphlé i réimsí nua freisin – an fhrithsceimhlitheoireacht, an neamhleathadh agus an dí-armáil.

3. Is é leas an Aontais an chobhsaíocht, an tslándáil agus an daonlathas a bheith sa Phacastáin. Dar leis an Aontas, is comhpháirtí tábhachtach dá chuid an Phacastáin i dtaca le neartú an chomhair dhéthaobhaigh, go mór mór faoi scáth na Náisiún Aontaithe.

4. Is díol sásaimh don Aontas gur tugadh san áireamh sa dréachtbhille maidir le toghcháin roinnt de na moltaí a rinne Misean Breathnóireachta an Aontais um Thoghcháin in 2013, agus áitíonn sé ar rialtas na Pacastáine rith an bhille seo a thabhairt i gcrích mar dhlí in am do thoghcháin reachtacha na tíre a bheidh ar siúl in 2018. Tá an tAontas Eorpach sásta a mharana a dhéanamh maidir le Misean Breathnóireachta um Thoghcháin eile a sheoladh chuig na toghcháin sin.

5. Fágann an cur chun feidhme feabhsaithe atá á dhéanamh ar an gComhaontú um Athghlacadh Isteach idir an tAontas agus an Phacastáin, ar tosaíocht ag an Aontas é agus cuid rí-riachtanach dá chaidreamh foriomlán leis an bPacastáin, go bhfuil an tAontas fós i ndlúth-theagmháil leis an tír sin agus go leanfaidh sé dá chuid oibre i dtaca leis an tsaincheist sin. Tá an tAontas Eorpach ag dréim leis go gcuirfidh an Phacastáin tuilleadh dlúis lena dua i dtaca le héascú a dhéanamh ar fhilleadh abhaile a cuid imirceach neamhrialta féin. Chuige sin, leanfaidh séan tAontas den tacaíocht atá á tabhairt aige don Phacastáin ar mhaithe le hathimeascadh inbhuanaithe i sochaí na tíre a dhéanamh orthu siúd a fhilleann. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Aontas an comhaontú atáthar tar éis a dhéanamh maidir le hardán leictreonach a chur ar bun chun iarrataí ar athligean isteach a phróiseáil. Is mian leis an Aontas go gcuirfí chun feidhme gan mhoill é. Ina theannta sin, dar leis an gComhairle, is dea-chomhartha bunú an ardáin comhair um smuigleáil imirceach agus is mian leis a áiteamh ar rialtas na Pacastáine leas iomlán a bhaint as an ardán sin chun smuigleáil imirceach a chomhrac.

6. Tá ról gníomhach á ghlacadh ag an Aontas i dtaca lena bhfuil ag éirí don chuid sin de mhuintir na hAfganastáine a easáitíodh. Tá tugtha dá aire ag an Aontas beartas nua na Pacastáine maidir le dídeanaithe as an Afganastáin, lena n-áirítear an cinneadh a rinneadh imircigh atá gan doiciméid a chlárú, agus dlí náisiúnta maidir le dídeanaithe a rith bunaithe ar Choinbhinsiún na bliana 1951 maidir le Stádas Dídeanaithe, chomh maith leis an bPlean um Aisdúichiú. Is díol béime ag an Aontas Eorpach tábhacht na hintuarthachta, agus a throméisí atá sé go bhfillfí daoine ar shlí ordúil, shábháilte, dhíniteach le beann ar an dlí idirnáisiúnta ionas gur féidir bearta cearta inmheasctha a ghlacadh san Afganastáin agus nach bhfágfar an tír in éagobhsaíocht dá bharr. Tá tacaíocht á tabhairt ag an Aontas don phobal mór dídeanaithe atá ansiúd, agus tá sé sásta a mharana a dhéanamh faoi bhreis gníomhaíochtaí spriocdhírithe.

7. Is díol béime ag an Aontas cur chun cinn chearta an duine ionas gur dlúthchuid de chaidreamh an Aontais leis an bPacastáin an smacht reachta. I ndáil leis sin, is díol sásaimh ag an Aontas an reachtaíocht sin atáthar tar éis a ghlacadh, lena n-áirítear reachtaíocht maidir le cearta saothair, le cearta do leanaí, agus maidir leis an bhforéigean i gcoinne na mban, ach cuireann sé i dtreis san am céanna gur den riachtanas go gcuirfí chun feidhme go hiomlán í. Tá an tAontas fós ar tinneall tacú le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta maidir le cearta an duine sa Phacastáin agus le neamhspleáchas agus neartú institiúideach agus buiséadach an Choimisiúin Náisiúnta um Chearta an Duine. Údar imní ar leith ag an Aontas pionós an bháis a bheith in úsáid sa Phacastáin agus is mian leis a áiteamh go tréan ar an bPacastáin an *moratorium* a chur i bhfeidhm arís mar chéad chéim ionsar pionós an bháis a chealú ar fad. Is cás leis an Aontas freisin go gcaithfí go cóir le sibhialtaigh agus iad ar a dtriall os comhair cúirt mhíleata; an córas ceartais choiriúil d'ógánaigh; cás na mionlach; mí-úsáid a bheith á baint as reachtaíocht na blaisféime; an tsaoire reiligiúin nó creidimh, agus srianta ar an tsaoirse cainte, go háirithe i gcás iriseoirí agus gníomhaithe. Tá an tAontas ar tinneall chun tacú leis an bPacastáin agus í ag tabhairt faoi athbhreithniú cuimsitheach breithiúnach.

8. Tá aird ar leith á tabhairt ag an Aontas Eorpach ar iarrachtaí sin rialtas na Pacastáine cumhachtú ban agus ógbhan a chur chun cinn, an luathphósadh agus pósadh páistí a chomhrac, agus dálaí sábhailte a áirithiú do chailíní ionas gur féidir leo oideachas iomlán a fháil agus an deis a thugtar do bhuachaillí i dtaca le gairm bheatha a bheith le fáil acu féin chomh maith céanna. Tá an tAontas ar tinneall chun tacú le hiarrachtaí sin rialtas na Pacastáine i dtaca le cumhachtú ban agus ógbhan a chur chun cinn, i dtaca le ról lárnach na mban sa chomhrac i gcoinne antoisceachas an fhoiréigin, agus i dtaca le Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil a chur chun feidhme go hiomlán.

9. Baineann tábhacht ar leith, dar leis an Aontas, le neartú an chomhair leis an bPacastáin i dtaca le cúrsaí slándála agus cosanta. Tá an tAontas tiomanta don chomhar leis an bPacastáin chun an sceimhlitheoireacht gona bagairtí iomadúla éagsúla a chomhrac, dlús a chur leis an gcomhar i dtaca le hantoisceachas an fhoiréigin, radacú agus earcú a chosc agus a chomhrac, agus dul i ngleic leis an méid is bunchúis leo, i gcomhréir le caighdeáin maidir le cearta an duine. Go háirithe, is díol béime ag an Aontas a thábhachtaí atá sé maoiniú ar ghníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta a chomhrac, lena n-áirítear Liosta Smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe maidir le maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhlíonadh go hiomlán. Is mian leis an Aontas a iarraidh ar an bPacastáin leanúint dá dua agus teannadh a chur leis - chun a áirithiú nach mbaintear úsáid as a críocha le gníomhaíochta sceimhlitheoireachta a ullmhú. Molann an tAontas freisin don Phacastáin cloí leis na caighdeáin is airde dá bhfuil ann i dtaca leis an tsábháilteacht agus slándáil núicléach, caidreamh cuiditheach a dhéanamh i bhfóraim iltaobhacha dí-armála, agus conarthaí agus tionscnaimh ábhartha maidir leis an neamhleathadh agus leis an gcothú muiníne, amhail an Conradh um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBT), a dhaingniú nó a shíniú.

10. Tá an tAontas ag súil le bheith ag obair feasta leis an bPacastáin ar mhaithe leis an gcomhar cuimsitheach réigiúnach a chur chun cinn, lena n-áirítear sin a dhéanamh faoi scáth Chomhlachas na hÁise Theas um Chomhar Réigiúnach. Molann an tAontas don Phacastáin dlús a chur leis an gcomhar leis an Afganastáin, lena n-áirítear próiseas síochána faoi stiúir agus faoi úinéireacht na hAfganastáine féin a éascú, mar bheart le briathar ar an ngealltanas a tugadh le linn Chomhdháil na Bruiséile maidir leis an Afganastáin i nDeireadh Fómhair na bliana 2016. Molann an tAontas caidreamh níos fearr a bheith idir an India agus an Phacastáin, rud a chothóidh muinín san Áis Theas agus a thabharfaidh rathúnas, síocháin agus slándáil do mhuintir an réigiúin.

11. Is léir don Aontas go bhféadfaí níos mó trádála a chur ar bun idir é féin agus an Phacastáin agus sin a bheith chun leasa an dá pháirtí. Tá tugtha dá aird ag an Aontas an leas atá déanta ag Córas na bhFabhar Ginearálaithe (GSP+) don trádáil idir an Phacastáin agus an tAontas, agus gur fhág sin barrachas trádála dar luach €1 billiún ag an bPacastáin don bhliain 2016.. Molann an tAontas don Phacastáin leas iomlán a bhaint as GSP+. Áirítear air sin tuilleadh beart a ghlacadh chun na cúinsí ábhartha gnó a fheabhsú. Is meabhair freisin leis an Aontas a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh an Phacastáin a cuid gealltanas, mar atá leagtha síos sna 27 gcroí-choinbhinsiún idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus cearta saothair, cosaint an chomhshaoil, agus an dea-rialachas, a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach.

12. Is mian leis an Aontas béim a leagan ar a rí-thábhachtaí, dar leis, atá an ról a bhíonn ag eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta agus ag ENRanna, idir chinn náisiúnta agus chinn idirnáisiúnta. Más ó na heagraíochtaí sin a gcroí-ról a chomhlíonadh agus feasacht a chruthú, agus cearta bunúsacha a chur chun cinn, ní mór go mbeidís in ann feidhmiú gan bhac gan bheann de réir na gceart bunúsach sin arb iad an tsaoirse cainte agus an tsaoirse tionóil iad. I ndáil leis an méid sin, is mian leis an Aontas béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh sa Phacastáin córas trédhearcach cuíchóirithe maidir le ENRanna a chlárú.

13. Tá an tAontas ag súil lena bheith ag obair feasta le rialtas na Pacastáine ar an leibhéal cónaidhme agus áitiúil i réimsí amhail an fhorbairt shóisialta, an fhorbairt tuaithe agus an rialachas.

14. Is díol sásaimh don Aontas an toradh tairbheach a bhí ar mhalartú tuairimí a tharla ag an gcéad chruinniú idir an tAontas Eorpach agus an Phacastáin maidir le fuinneamh, in Eanáir na bliana 2017. Ar na croí-réimsí a pléadh bhí beartais fuinnimh, agus díríodh go sonrach ar an bhfuinneamh inbhuanaithe agus ar bheartais maidir le comhrac an athraithe aeráide, de dhréim leis na gealltanais a tugadh maidir leis an aeráid i gComhaontú Pháras a bhaint amach.

15. I gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle an 18 Iúil 2016, tá SEGS agus an Coimisiún tar éis dul i mbun comhairliúcháin leis an bPacastáin maidir le creat polaitiúil a chur in ionad an Phlean Páirtíochta Cúig Bliana, mar atá Plean nua maidir leis an Rannpháirtíocht Straitéiseach idir an tAontas Eorpach agus an Phacastáin.

16. Mar a leagadh síos sna Conclúidí ón gComhairle in 2016, má táthar leis an tríú Cruinniú Mullaigh *ad hoc* idir an tAontas Eorpach agus an Phacastáin a chur ar siúl, braithfidh sin ar an ascnamh go dtí seo, go mór mór i dtaca le cearta an duine agus an imirce, lena n-áirítear athligean isteach.